ÉIRE IRELAND 1916 2016 Clár Comórtha Céad Bliain Centenary Programme

RÁITEAS NUACHTA **8 Eanáir 2016**

Seolann Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge clár cuimsitheach imeachtaí mar chuid de Chlár Comórtha Céad Bliain Éire 2016

Seolfaidh Méara Chathair & Chontae Phort Láirge, an Comhairleoir John Cummins, Clár Comórtha Éire 2016 de chuid Chathair agus Chontae Phort Láirge sa Lárleabharlann, Lána Mhuire, Port Láirge ar a 4.00i.n. ar an Aoine beag seo, 15 Eanáir 2016.

Tá Clár Phort Láirge bunaithe ar chomhairliúcháin le grúpaí, eagraíochtaí agus daoine aonaracha áitiúla a léirigh suime sa phróiséas, agus ar tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i bpleanáil agus i gcur i bhfeidhm na n-imeachtaí a reachtáilfear do Chomóradh 2016 i gCathair agus i gContae Phort Láirge. Faoi cheannas Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, agus faoi threoir an Chomhordaitheora áitiúil agus Choiste Stiúrtha Comórtha Éire 2016, leagann an clár amach imeachtaí agus tionscadail chomórtha trasna na seacht snáithe de chlár Éire 2016, siad san: searmanais, machnamh ar an stair, an teanga bheo, an óige agus an tsamhlaíocht, léiriú cultúrtha, rannpháirtíocht phobail agus Éireannaigh ar fud an domhain agus an diaspóra.

Léiríonn na 31 Chlár Údaráis Áitiúil d'Éire 2016 na céadta uaireanta a chloig de mhachnamh, de chomhairliúchán agus de chomhráití idir na mílte daoine ar fud na tíre.

Deir Cathaoirleach Choiste Stiúrtha Comóradh Phort Láirge, an tUasal Ger Crotty, *"Táimid thar a bheith sásta le hinchur an phobail i gcoitinne sa Chlár Comórtha Céad Bliain do Phort Láirge, clár ina bhfuil féilire lán d'imeachtaí ó réimse leathan ghrúpaí, ar nós grúpaí pobail, bailte slachtmhara agus grúpaí staire, chomh maith le pobail ealaíonta agus Ghaeilge. I measc na smaointe a tháinig chun cinn tá scannán, amharclannaíocht, scríbhneoireacht, ceol, drámaíocht agus gairdíní chuimhneacháin, chomh maith le roinnt imeachtaí searmanais a chuirfidh go buan le léiriú cultúrtha Chomórtha 2016 i bPort Láirge."*

Tugtar cuireadh oscailte don bpobal i gcoitinne chuig seoladh Chlár Comórtha Phort Láirge ar an Aoine, 15 Eanáir 2016. Beidh ceol, athachtú staire, grianghrafanna agus taispeántas ón gCartlann Míleata ag an seoladh sa Lárleabharlann, Lána Mhuire, Port Láirge.

-críoch-

Má tá a thuilleadh eolais ag teastáil, is féidir teagmháil a dhéanamh le comhordaitheoir áitiúil 1916, Jane Cantwell ar jcantwell@waterfordcouncil.ie nó teil: 0761 10 2975.

Scaipfear ráiteas nuachta le sonraí na n-imeachtaí iad féin ar an Satharn, 16 Eanáir 2016.